An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Naíscoil na gCrann
## An Ómaigh

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2006

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil na gCrann |
| **Seoladh:** | Dún Uladh<br>Baile na Mullán<br>AN ÓMAIGH<br>Tír Eoghain<br>BT79 0NF |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 20 Samhain 2006 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | Níl ar fáil |

### 1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 14 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 8 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 8 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 1 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 2 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 98% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | - | 2 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | - | 2 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | - | 1 |

| **Líon: *** ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 2¾ huaire an chloig | - | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| **Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:** | 14 |
| **Céatadán acu a cuireadh ar ais:** | 42.9% |
| **Líon na dtuairimí scríofa:** | 4 |

**NAÍSCOIL NA GCRANN, DÚN ULADH, AN ÓMAIGH, CO THÍR EOGHAIN, BT79 0NF (2AB-0529)**

1. Tá an t-ionad suite i nDún Uladh ar imeall na hÓmaí. Le bliain tá an lucht ceannais athraithe. Is ó theaghlaigh Bhéarla sa cheantar áitiúil a thagann bunús na bpáistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht. Is é an tuairim a bhí ag na daoine a d'fhreagair go raibh siad thar a bheith sásta le hobair an ionaid.

3. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad le haghaidh cosaint leanaí agus iad i gcomhréir le himlitreacha agus le treoir na Roinne Oideachais. Léiríonn fianaise cigireachta go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go héifeachtach.

4. Léiríonn an fhoireann tiomantas nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn i measc na bpáistí. Tugtar deiseanna rialta do na páistí bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí fisiceacha.

5. Baineann an fhoireann úsáid mhaith as a gcuid Gaeilge i rith an ama sa seomra súgartha Ós rud é nach bhfuil ceachtar den bheirt bhall foirne go hiomlán líofa muiníneach mar chainteoirí Gaeilge, ní mór dóibh tuilleadh ama a chaitheamh agus iad ag pleanáil na teanga a bheas in úsáid acu nuair a bheas siad ag idirghníomhú leis na páistí le deiseanna foghlama a thabhairt dóibh.

6. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Tá atmaisféar an ionaid cairdiúil carthanach agus is maith an caidreamh atá idir dhaoine ag gach leibhéal. Tá an seomra súgartha leagtha amach i limistéir ar leith le haghaidh súgradh agus is léir go mbaineann na páistí sult as sin.

- Tá an t-ionad i ndiaidh naisc luachmhara a chruthú idir é féin agus na tuismitheoirí agus an Ghaelscoil a mbeidh na páistí ag freastal uirthi. Tá sé beartaithe ag an fhoireann naisc a chruthú eatarthu féin agus ionaid réamhscolaíochta eile idir Ghaeilge agus Bhéarla.

- Bíonn deiseanna sásúla foghlama i roinnt réimsí den churaclam réamhscoile agus uaireanta bíonn deiseanna maithe ann. Is eol don fhoireann agus don saineolaí oideachais luath-óige gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar réimsí den chlár. Is gá aird a thabhairt ar na réimsí seo a leanas go háirithe: forbairt fhisiceach agus forbairt teanga.

- Tugann an fhoireann buantacaíocht do na páistí a léiríonn go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha; uaireanta freagraíonn páistí as Gaeilge do cheisteanna.

- Is duine díograiseach í an ceannaire a bhfuil rún daingean aici cur le forbairt na Naíscoile sa todhchaí. Is dream dícheallach an fhoireann agus oibríonn siad go han-mhaith i bpáirt lena chéile.

7. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Caithfidh an fhoireann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna pleanála agus measúnaithe sa dóigh go gcuirfear béim níos soiléire ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus lena chinntiú go mbeidh ceangal éifeachtach idir an phleanáil agus dul chun cinn na bpáistí.

- Caithfidh an fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna acu chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na páistí sin a aimsíodh a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

- Tá tuilleadh acmhainní de dhíth i ngach réimse súgartha lena chinntiú go mbeidh clár leathan oideachais réamhscoile ann a éireoidh níos dúshlánaí agus é á chur i bhfeidhm.

8. Níl an fhoireann ach ag cur tús leis an phróiseas féinmheastóireachta.

9. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear sa Naíscoil. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na Naíscoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú orthu sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina hiomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk